2024/965

27.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/965 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Márta 2024

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/2022-12-12.
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/2023-06-17).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,

Ar son an Uachtaráin,

Gerassimos THOMAS

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód CN)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Coisbheart a bhfuil a uachtar déanta as fabraic teicstíle chróiseáilte bhruthach (olann 100 %) a bhfuil líneáil theicstíle inti. Is bonn plaistigh atá ag an gcoisbheart. Tá dromchla mín cothrom ar an gcuid den bhonn a dhéanann teagmháil leis an talamh. Déantar deich ngearradh dhíreacha atá comhthreomhar lena chéile agus a shíneann ó thaobh go taobh a ghearradh isteach sa bhonn agus clúdaíonn siad cuid na sála chomh maith le cuid tosaigh an bhoinn. Is ísle an bonn chun tosaigh ná mar atá i gcuid na sála. Is lásaí atá ag an gcoisbheart mar an gaireas ceangail. Brúitear na teanntáin súilíní miotail go díreach isteach san fhabraic teicstíle chróiseáilte. (Féach na híomhánna) (*)	6404 19 90	Déantar an t-aicmiú a chinneadh de réir rialacha ginearálta 1 agus 6 le haghaidh léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, Nóta 4(a) agus (b) a ghabhann le Caibidil 64 den Ainmníocht Chomhcheangailte agus de réir fhoclaíocht chóid AC 6404, 6404 19 agus 6404 19 90. Eisiatar aicmiú faoi chód AC 6404 11 00 mar bhróga leadóige, bróga cispheile, bróga giomnáisiam, bróga traenála agus a leithéidí, toisc nach bhfuil an coisbheart deartha le haghaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí spóirt sin ná toisc nach bhfuil sé deartha le haghaidh gníomhaíocht spóirt cosúil le leadóg, cispheil, giomnáisiam nó traenáil. Chun gníomhaíochtaí spóirt den sórt sin a dhéanamh, teastaíonn rith, gluaiseachtaí léimní, castaí tapa agus stadanna tobanna. Dá bhrí sin, ní mór gnéithe a bheith ag bonn an choisbhirt atá deartha le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin chun an turraing a eascraíonn as tuairt na ngluaiseachtaí sin a mhaolú nó ní mór é a chur in oiriúint do ghníomhaíocht spóirt ar leith ar bhealach eile. I measc na ngnéithe sin, mar shampla, d'fhéadfaí pillíní aeir nó gáis a áireamh, go háirithe i gcuid na sála den choisbheart chun turraingí a mhaolú. Mar sin féin, níl aon ghné den sórt sin ag bonn an choisbhirt. Mar gheall ar na gearrthacha atá comhthreomhar le chéile, tá solúbthacht ag an mbonn atá go hiontach chun siúil. De bharr go bhfuil an bonn níos ísle chun tosaigh ná mar atá i gcuid na sála, tacaítear leis an ngluaiseacht siúil. Mar sin féin, gan gnéithe breise níl an bonn oiriúnach chun reatha ná chun léime. Thairis sin, tá ábhar an uachtair sách leaisteach mar gheall gurb olann chróiseáilte atá ann agus géillfidh sé d'fhórsaí cliathánacha troma nuair a bhítear ag casadh go tobann. Ina theannta sin, ós rud é nach bhfuil na teanntáin súilíní treisithe ar bhealach ar bith ach go mbrúitear iad go díreach isteach san ábhar cróiseáilte leaisteach, níl an gaireas ceangail oiriúnach do ghluaiseachtaí tobann. Géillfidh an olann chróiseáilte do na fórsaí a chuirtear roimpi. Dá bhrí sin, ní dheartar an t-uachtar ar bhealach chun cobhsaíocht a thabhairt don chos agus don chothromaíocht agus an duine ag rith, ag léim, ag casadh go tapa ná ag stopadh go tobann. Dá bhrí sin, deartar an t-earra mar choisbheart fóillíochta neamhfhoirmiúil chun siúil. (Féach freisin míreanna trí go seacht de na Nótaí míniúcháin a ghabhann leis an Ainmníocht Chomhcheangailte a ghabhann le fo-cheannteideal 6404 11 00). Dá bhrí sin, tá an t-earra le haicmiú faoi chód AC 6404 19 90 mar choisbheart eile ag a bhfuil boinn sheachtracha plaisteach agus uachtair atá déanta d'ábhair theicstíle.

(*) Is le faisnéis a thabhairt, agus lena aghaidh sin amháin, atá na híomhánna ann.







